

f/ch Oifigí Coillte,
Crosaire Uí Airtnéide,
Maigh Chromtha,
Co. Chorcaí. P12 XA50

Márta, 2022

A Úinéir Tí, a chara,

Tá súil agam go bhfuil tú go maith. Táim ag scríobh chugat le nuashonrú maidir leis an dtionscadal atá beartaithe d'Fheirm Ghaoithe Ghort Uí Rathaile i mBaile Bhuirne, co-fhorbairt idir FuturEnergy Ireland agus SSE Renewables.

Mar thoradh air seo beimid ag cur breis eolais ar fáil agus fuíollach deiseanna dul i dteagmháil leis an bhfoireann sna seachtainí atá romhainn.

Is é an ról atá agam-sa, mar Oifigeach Idirchaidreamh Pobail, ná a chinntiú go bhfaigheann tú an t-eolas ar fad atá de dhíth ort agus go bhfreagraím aon cheisteanna a thagann aníos. Míneoidh an liosta seo de 'na céimeanna atá le teacht' cad leis gur féidir leat bheith ag súil.

- **Bróisiúr Tionscadail agus taispeántas fíorúil:** Cuirfidh mé bróisiúr sonrach ar fáil duit lena n-áirítear nasc go suíomh Gréasáin agus taispeántas fíorúil. Beidh an bróisiúr agus an suíomh lán d'eolas cosúil le cur i láthair ó speisialtóirí timpeallachta, fótamontáiseanna a léireoidh láthair na dtuirbín agus an dréacht deireanach de léarscáil leagan amach molta tuirbíní.
- **Rannpháirtíocht duine le duine:** Nuair a bheidh an seachadadh bróisiúr sa phobal déanta agam glaoifidh mé ar ais arís chun aon cheisteanna a bheidh ag daoine a fhreagairt
- **Clinic Rannpháirtíochta sa Phobal:** Deis atá anseo bualadh le foireann tionscadail Ghort Uí Rathaile. A luaithe is a bheidh láthair agus dáta ar eolas againn déanfaimid teagmháil arís le míniú duit conas coinne a dhéanamh.
- **Seimineár Gréasáin:** Cruinniú ar líne a bheidh anseo ina ndéanfaidh foireann Ghort Uí Rathaile cur i láthair agus ina mbeidh deis agat-sa aon cheisteanna a bheidh agat a fhreagairt.

Tá sé i gceist againn, tar éis don chomhairliúchán poiblí iomlán a bheith curtha i gcrích, iarratas pleanála a sheoladh isteach go dtí An Bord Pleanála. Is féidir leat a bheith deimhin de go gcuirfidh ar an eolas tú nuair a bheidh sé in am againn an t-iarratas a sheoladh isteach.

Idir an dá linn, más mian leat teagmháil a dhéanamh liom chun aon ghné den tionscadal a phlé nó chun cruinniú a shocrú liom, tá mo shonraí teagmhála thíos. Nó más fearr leat, is féidir leat rphost, glaoch gutháin nó téacs a chur chugam ag iarraidh orm tú a choimeád cothrom le dáta maidir leis an tionscadal. Chun teacht ar an eolas ar fad a eisíodh go dtí seo i dtaobh na Feirme Gaoithe atá beartaithe do Ghort Uí Rathaile chomh maith le liosta Ceisteanna Coitianta (Canna) agus na nuachtlitreacha ar fad go dtí seo, lean an nasc seo www.gortyrachillywindfarm.ie.

Is mise le meas,

Breandán Ó Tuama
Oifigeach Idirchaidreamh Pobail

Guthán: 087 971 2151
R-phost: gortyrachilly@futureenergyireland.ie